| | **An Geall (le Liam Mac Uistín)** | |
|---|---|---|
| **1.** | **Nuair a tháinig sé chuige féin bhí sé ina luí ar na céimeanna lasmuigh den teach.** | |
| **2.** | **Bhí tinneas cinn uafásach air.** | |
| **3.** | **Chuardaigh sé a phócaí chun teacht ar an bpaicéad aspairíní ba ghnách leis a iompar nuair a bhíodh sé ag dul ar na cannaí.** | |
| **4.** | **Bhí siad folamh.** | |
| **5.** | **Chuardaigh sé arís iad.** | |
| **6.** | **Bhí gach rud imithe: a vallait, a chártaí creidmheasa, a chuid airgid, eochracha an chairr.** | |
| **7.** | **D’éirigh sé agus chuaigh sé suas na céimeanna go dtí an teach.** | |
| **8.** | **Ní raibh solas ar bith ar lasadh ann.** | |
| **9.** | **Bhuail sé an cloigín.** | |
| **10.** | **Níor tháinig aon duine go dtí an doras.** | |
| **11.** | **Bhuail sé an clog arís agus arís eile.** | |
| **12.** | **Ní raibh toradh ar bith ar a chuid iarrachtaí.** | |
| **13.** | **Rith sé síos na céimeanna agus dheifrigh sé chuig an lána lámh leis an teach ina raibh an carr fágtha aige.** | |
| **14.** | **Bhí an Porsche imithe.** | |
| **15.** | **Shiúil sé go lár na cathrach agus tháinig sé ar thacsaí a d’iompair abhaile é.** | |
| **16.** | **D’íoc sé an tiománaí le hairgead a bhí curtha i leataobh aige do Nóra Uí Bhrolcháin, an bhean ghlantacháin a bhí aige.** | |
| **17.** | **Ansin dheifrigh sé isteach, thug aghaidh ar a sheomra leapa, shrac a chuid éadaigh de féin agus thit isteach sa leaba mar a bheadh duine éigin tar éis é a leagan le tua.** | |
| **18.** | **Chnag Bean Uí Bhrolcháin ar an doras agus chuaigh sí isteach sa seomra leapa.** | |
| **19.** | **Lig sí osna nuair a chonaic sí an crot a bhí ar an seomra.** | |
| **20.** | **Bhí éadaí caite i ngach aon áit ar an urlár.** | |
| **21.** | **Bhí péire bróg láibeach ina luí ar an leaba.** | |
| **22.** | **Bhain an drochbholadh sa seomra an anáil di.** | |

| | | |
|---|---|---|
| | **An Geall (le Liam Mac Uistín)** | |
| **1.** | **Nuair a tháinig sé chuige féin bhí sé ina luí ar na céimeanna lasmuigh den teach.** | **When he came to himself he was lying on the steps outside the house.** |
| | a. Tháinig sé chuige féin. | He came to himself. |
| | b. Tháinig sí chuici féin. | She came to herself. |
| | c. Bhí sé lasmuigh den teach. | He was outside the house. |
| | d. Bhí sé laistigh den teach. | He was inside the house. |
| **2.** | **Bhí tinneas cinn uafásach air.** | **He had a terrible headache.** |
| **3.** | **Chuardaigh sé a phócaí chun teacht ar an bpaicéad aspairíní ba ghnách leis a iompar nuair a bhíodh sé ag dul ar na cannaí.** | **He searched his pockets to find the packet of aspirin that he usually carried when he was going out drinking.** |
| | a. Chuardaigh sé é. | He looked for it. |
| | b. Tháinig sé air. | He found it. |
| | c. Is gnách liom é a iompar. | It is customary for me to carry it. |
| | d. Ba ghnách liom é a iompar. | It was customary for me to carry it. |
| | e. Bhí sé ar na cannaí aréir. | He was drunk last night. |
| | f. Chuaigh sé ar na cannaí aréir. | He got drunk last night. |
| | g. Tá sé ar na cannaí. | He’s drunk. |
| | h. Bhí sé ar na cannaí aréir. | He was drunk last night. |
| | i. Bhíodh sé ar na cannaí gach oíche. | He was drunk every night. |
| **4.** | **Bhí siad folamh.** | **They were empty.** |
| **5.** | **Chuardaigh sé arís iad.** | **He searched them again.** |
| **6.** | **Bhí gach rud imithe: a vallait, a chártaí creidmheasa, a chuid airgid, eochracha an chairr.** | **Everything was gone: his wallet, his credit cards, his money, the car keys.** |
| | a. an eochair / na heochracha | the key / the keys |
| | b. an t-airgead / a chuid airgid | the money / his money |
| | c. an carr / an chairr / eochracha an chairr | the car / of the car / the car keys |
| **7.** | **D’éirigh sé agus chuaigh sé suas na céimeanna go dtí an teach.** | **He got up and went up the steps to the house.** |
| **8.** | **Ní raibh solas ar bith ar lasadh ann.** | **There wasn’t any light lit in it.** |
| | a. Tá an solas ar lasadh. | The light is lit. |
| | b. Tá an teilifíseán ar siúl. | The television is on. |
| **9.** | **Bhuail sé an cloigín.** | **He rang the bell.** |
| | a. an clog | the clock, the bell |
| | b. an cloigín | the bell |
| | c. cloigín an dorais | the doorbell (bell of the door) |
| **10.** | **Níor tháinig aon duine go dtí an doras.** | **Nobody came to the door.** |
| **11.** | **Bhuail sé an clog arís agus arís eile.** | **He rang the bell again and again.** |
| **12.** | **Ní raibh toradh ar bith ar a chuid iarrachtaí.** | **There was no result for his attempts.** |
| | a. an toradh / na torthaí | the result / the results, the fruit |
| | b. an iarracht / na hiarrachtaí | the attempt / the attempts |

| | **An Geall (le Liam Mac Uistín)** | |
|---|---|---|
| **13.** | **Rith sé síos na céimeanna agus dheifrigh sé chuig an lána lámh leis an teach ina raibh an carr fágtha aige.** | **He ran down the stairs and hurried to the lane next to the house where he'd left the car.** |
| **14.** | **Bhí an Porsche imithe.** | **The Porsche was gone.** |
| **15.** | **Shiúil sé go lár na cathrach agus tháinig sé ar thacsaí a d'iompair abhaile é.** | **He walked to the city center and found a taxi that took him home.** |
| | a. an chathair / na cathrach | the city / of the city |
| **16.** | **D'íoc sé an tiománaí le hairgead a bhí curtha i leataobh aige do Nóra Uí Bhrolcháin, an bhean ghlantacháin a bhí aige.** | **He paid the driver with money he had put aside for Nora O'Brolchan, his cleaning lady.** |
| | a. Chuir sé an t-airgead i leataobh. | He set the money aside. |
| | b. Tá an t-airgead curtha i leataobh aige. | He has set the money aside. |
| | c. Bhí an t-airgead curtha i leataobh aige. | He had set the money aside. |
| **17.** | **Ansin dheifrigh sé isteach, thug aghaidh ar a sheomra leapa, shrac a chuid éadaigh de féin agus thit isteach sa leaba mar a bheadh duine éigin tar éis é a leagan le tua.** | **The he hurried in, headed towards his bedroom, tore his clothing off himself and fell into the bed as someone would be after bringing him down with an axe.** |
| | a. Tá deifir orm. | I'm in a hurry. |
| | b. an t-éadach / na héadaí / a chuid éadaigh | the clothing / the clothes / his clothing |
| **18.** | **Chnag Bean Uí Bhrolcháin ar an doras agus chuaigh sí isteach sa seomra leapa.** | **Mrs. O'Brolchan knocked on the door and went into the bedroom.** |
| **19.** | **Lig sí osna nuair a chonaic sí an crot a bhí ar an seomra.** | **She sighed when she saw the condition of the room.** |
| | a. Lig mé osna. | I sighed. |
| | b. an crot = an cruth | the condition |
| **20.** | **Bhí éadaí caite i ngach aon áit ar an urlár.** | **There were clothes thrown in every single place on the floor.** |
| **21.** | **Bhí péire bróg láibeach ina luí ar an leaba.** | **There was a pair of muddy shoes lying on the bed.** |
| **22.** | **Bhain an drochbholadh sa seomra an anáil di.** | **The bad smell in the room took her breath away.** |
| | a. dea-dhuine | a good person |
| | b. drochdhuine | a bad person |
| | c. seanduine | an old person |
| | d. Bhain sé an anáil díom. | It took my breath away. |
| | e. Bhain mé mo chóta díom. | I took my coat off. |
| | f. Bhain mé taitneamh as an gcluiche. | I enjoyed the game. |
| | g. Ní bhaineann sé leat. | It doesn't concern you. |